
ESMA
European Securities and Markets Authority

# An Intleacht Shaorga a úsáid chun Infheistíocht a dhéanamh: **Cad ba cheart duit a mheas**




Tá méadú ag teacht ar an tóir atá ag an bpobal ar uirlisí faoi thiomáint Intleacht Shaorga (IS), lena náirítear i gcomhthéacs na hinfheistíochta airgeadais. Tá rochtain ag infheisteoirí ar uirlisí agus feidhmchláir (aipeanna) phoiblí IS ar líne lenar féidir infheistíochtaí a mholadh bunaithe ar eolas atá ar fáil go poiblí(1).

Is féidir le huirlisí intleachta saorga tacaíocht luachmhar a chur ar fáil in go leor réimsí, ach baineann sraith rioscaí leo freisin. In ainneoin a n-acmhainneachta nuálaí, is féidir le huirlisí intleachta saorga comhairle a ghiniúint a d'fhéadfadh a bheith míchruinn nó míthreorach agus a bhféadfadh drochchinntí infheistíochta agus caillteanais shuntasacha airgeadais a bheith mar thoradh orthu.

## An buneolas atá uait

1

**Faigh dearcthaí éagsúla**

Ná bí ag brath go hiomlán ar uirlisí IS atá ar fáil go poiblí le haghaidh cinntí infheistíochta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do leas airgeadais. Bain úsáid astu mar cheann amháin de na hacmhainní éagsúla atá ar fáil agus smaoinigh ar chomhairle a fháil ó ghairmithe údaraithe.

2

**Seachain scéimeanna a mhaíonn saibhreas tapa**

Bí amhrasach faoi ghealltanais maidir le torthaí arda trí straitéisí IS-bhunaithe.

3

**Tá tábhacht leis an rialáil**

Níl aon oibleagáid ar uirlisí intleachta saorga atá ar fáil go poiblí ar líne gníomhú chun do leasa.

4

**Tuiscint a fháil ar na rioscaí**

Bí ar an eolas faoi theorainneacha na comhairle a ghineann IS agus faoi na míchruinnis a d'fhéadfadh a bheith inti, toisc go bhféadfadh sí a bheith bunaithe ar fhaisnéis atá as dáta, mícheart nó neamhiomlán.

5

**Do phríobháideachas a chosaint**

B'fhéidir nach mbeidh bearta slándála leordhóthanacha i bhfeidhm ag na huirlisí seo chun do chuid sonraí pearsanta a chosaint.

(1) Níl an doiciméad seo ceaptha cáiliú dlíthiúil a chur ar fáil i leith na seirbhísí a gcuirtear síos orthu anseo. Beidh tréithriú dlíthiúil aon seirbhísí den sórt sin faoi réir an chreata rialála is infheidhme ar bhonn cáis ar chás.

## Bí cúramach agus uirlisí poiblí IS ar líne á n-úsáid agat a mholann infheistíochtaí duit

Tá méadú ag teacht ar infhaighteacht uirlisí poiblí intleachta saorga ar líne ar féidir leo, má iarrtar orthu, comhairle an-áititheach agus, de réir dealraimh, ghairmiúil a chur ar fáil maidir le hinfheistíochtaí. Is féidir leis na huirlisí seo ceisteanna a chur ort fiú faoi do stádas airgeadais, do chuspóirí, do lamháltas riosca agus do roghanna, chun comhairle infheistíochta a sholáthar duit ar cosúil go bhfuil sí curtha in oiriúint do do chúinsí pearsanta ar leith.

**Tabhair faoi deara le do thoil:**

- Níl uirlisí poiblí IS ar líne údaraithe ná maoirsithe ag rialtóirí airgeadais. **Mar infheisteoir, níl an chosaint chéanna agat is a bhíonn agat agus tú ag úsáid seirbhísí ó ghnólachtaí infheistíochta údaraithe.** Mar shampla, níl aon oibleagáid ar uirlisí intleachta saorga poiblí ar líne gníomhú chun do leasa nó comhairle a chur ar fáil atá saincheaptha do do chúinsí pearsanta.

- Níl uirlisí poiblí IS ar líne ceaptha go sainráite chun comhairle infheistíochta a ghiniúint. **D'fhéadfá a bheith i mbaol caillteanais airgeadais.**

- Is minic a oibríonn uirlisí poiblí IS ar líne ar bhealaí nach dtuigeann a bhforbróirí go hiomlán fiú. Fágann sé sin go bhfuil riosca ag baint le bheith ag brath orthu, go háirithe i margaí airgeadais casta dothuartha. **Seachain a bheith ag brath ar uirlisí uathoibrithe amháin; tá breithiúnas daonna ríthábhachtach.**

- Ní cheanglaítear orthu na caighdeáin agus na rialacha dochta céanna a chur i bhfeidhm agus a cheanglaítear ar eintitis údaraithe, rud a chiallaíonn, má théann rud éigin amú, **go bhféadfadh sé nach mbeadh rochtain agat ar ombudsman airgeadais ná ar shásraí malartacha um réiteach díospóidí chun gearáin a réiteach**.

- **Cuimhnigh nach féidir le haon duine, uirlisí intleachta saorga san áireamh, margaí airgeadais a thuar go cruinn.** Cé gur teicneolaíocht í an intleacht shaorga a bhfuil gealladh fúithi, níl aon bhealach éasca ann le saibhreas a bhaint amach.

- Ná bí ag brath go hiomlán ar uirlisí intleachta saorga atá ar fáil go poiblí le haghaidh faisnéis agus comhairle infheistíochta. **Bailigh faisnéis ó fhoinsí éagsúla sula ndéanann tú cinntí infheistíochta.**

- **Smaoinigh ar theagmháil a dhéanamh le gairmithe údaraithe** le haghaidh cinntí infheistíochta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do leas airgeadais.

- **Ná roinn sonraí pearsanta (e.g. ainm, aois, inscne, sonraí teagmhála, teideal, stádas pósta nó staid airgeadais) le huirlisí intleachta saorga atá ar fáil go poiblí ar líne.** B'fhéidir nach mbeidh bearta slándála leordhóthanacha i bhfeidhm ag na huirlisí seo, rud a chuirfeadh do chuid sonraí pearsanta i mbaol. Cosain do phríobháideacht.

## Bí san airdeall ar aipeanna faoi thiomáint IS a ghineann 'comharthaí stoic'




Tá méadú ag teacht ar líon na suíomhanna gréasáin agus na n-aipeanna a thairgeann 'smaointe' agus moltaí trádála arna nginiúint ag IS, go minic ar tháillí costasacha míosúla nó bliantúla, agus úsáid á baint as ainmneacha amhail 'stocbhailiú' nó 'comhartha stoic'.

**Ba chóir duit a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:**

- Is gníomhaíocht rioscúil go bunúsach é trádáil ionstraimí airgeadais agus tá sé thar a bheith deacair, nó fiú dodhéanta, gluaiseachtaí praghsanna a thuar. **Bí ar an airdeall maidir le suíomhanna gréasáin agus aipeanna a mhaíonn gur féidir leo praghsanna urrús amach anseo a thuar le cruinneas ard.**

- Féadfaidh go mbeidh faisnéis mhícheart á giniúint ag uirlisí faoi thiomáint IS a sholáthraíonn smaointe trádála. D'fhéadfadh siad a bheith bunaithe ar fhaisnéis atá as dáta, mícheart nó neamhiomlán. Féadfaidh éagsúlacht mhór a bheith i gceist le cruinneas na dtuartha a ghintear le IS. **D'fhéadfá airgead a chailleadh trí bheith ag brath ar na huirlisí seo amháin.**

**Tabhair aird chúramach agus sceipteachas ar uirlisí IS i gcónaí.**

- Déan cinnte go dtuigeann tú na rioscaí bunúsacha a bhaineann le trádáil urrús agus **smaoinigh ar chomhairle a lorg ó ghairmithe infheistíochta údaraithe** ar féidir leo comhairle shaincheaptha agus moltaí pearsantaithe a sholáthar.

- Cuimhnigh nach féidir le duine ar bith, lena n-áirítear uirlisí faoi thiomáint IS a sholáthraíonn smaointe trádála, rath sa stocmhargadh a dhearbhú. **Ná cuir muinín i maíomh ná i ngealltanais maidir le tuairisceáin fhíorarda a bhfuil cuma rómhaith orthu.**

- Agus infheistíocht á déanamh agat, **déan taighde cúramach i gcónaí agus glac cinntí meáite**.

© An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, 2025

Lucsamburg: Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh, 2025

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

PDF ISBN 978-92-95240-13-1 doi:10.2856/0253275 EK-01-25-008-GA-N